Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13944/20**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0353(COD)**

**ENV 792**
**ENT 150**
**MI 561**
**CODEC 1320**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 334 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 334 final.

---

Faoi iamh: SWD(2020) 334 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2020
SWD(2020) 334 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020**

{COM(2020) 798 final} - {SEC(2020) 420 final} - {SWD(2020) 335 final}

**Cén fhadhb atá ann?**

Féachtar sa mheasúnú tionchair seo ar thogra le haghaidh rialachán a thiocfaidh in ionad na Treorach maidir le Ceallraí. Tá sé mar aidhm aige dul i ngleic le trí ghrúpa fadhbanna atá fíor- idirnasctha agus a bhaineann le ceallraí:

1. an easpa creatdálaí a chuireann dreasachtaí ar fáil chun infheistiú in acmhainneacht táirgeachta le haghaidh ceallraí inbhuanaithe, fadhb atá nasctha le creataí rialála a d'fhéadfadh a bheith eisréimneach laistigh den mhargadh inmheánach;
2. feidhmiú fo- optamach na margaí athchúrsála agus lúba ábhar gan bheith iata a dhóthain, rud a chuireann teorainn le cumas an Aontais Eorpaigh na rioscaí a bhaineann le soláthar amhábhar a mhaolú;
3. na rioscaí sóisialta agus comhshaoil nach gcumhdaítear le dlí comhshaoil an Aontais i láthair na huaire.

**Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?**

Tá trí chuspóir ag an togra atá idirnasctha go láidir:

1. feidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais a neartú maidir le ceallraí;
2. an geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí lúb na n-ábhar a dhúnadh;
3. tionchair chomhshaoil agus shóisialta na gceallraí ar feadh a saolré a laghdú.

**Cad iad na roghanna?**

- Rogha 1, gnó mar is gnách, ní leasaítear an Treoir maidir le Ceallraí lena gclúdaítear céim deireadh ré ceallraí den chuid is mó. Níl aon reachtaíocht AE i bhfeidhm faoi láthair chun na céimeanna roimhe sin i slabhra breisluacha ceallraí agus saolré ceallraí a chlúdach.
- Rogha 2, lena mbaineann meánleibhéal uaillmhéine, neartaítear na ceanglais de réir a chéile agus méadaítear an leibhéal uaillmhéine i gcás céim mhonaraíochta ceallraí agus céim deireadh ré ceallraí araon, agus déantar é sin den chuid is mó trí bhíthin ceanglais faisnéise a eisiúint.
- Rogha 3, lena mbaineann ardleibhéal uaillmhéine, cur chuige pas beag níos suaití atá i gceist, ach tá sé fós indéanta go teicniúil. Is é atá i gceist léi teorainnluachanna agus tairseacha a shocrú le haghaidh comhlíonadh laistigh de spriocdháta socraithe.
- Rogha 4, lena mbaineann leibhéal uaillmhéine an- ard, áirítear bearta a rachadh i bhfad níos faide ná an creat rialála agus an cleachtas gnó atá i bhfeidhm faoi láthair.

**Cad í an rogha thosaíochta agus cén fáth?**

Is meascán de Rogha 2 agus Rogha 3 an rogha thosaíochta. Áirítear leis raon beart le taobh an luachshlabhra, amhail dara ré ceallraí tionsclaíocha a chumasú, an sprioc- ráta bailithe a mhéadú le haghaidh ceallraí dramhaíola inaistrithe go dtí 65 %, aisghabháil ábhar a mhéadú agus éifeachtúlachtaí nua athchúrsála a shocrú le haghaidh ceallraí luaidhe agus ian litiam, ag feabhsú feidhmíochta agus marthanachta, ceanglais a leagan síos maidir le déine carbóin, dul i ngleic le drochshreafaí faisnéise agus dícheall cuí a chur i bhfeidhm le haghaidh thionscnamh na n- amhábhar.

Go dleathach, fágfaidh an t- aistriú ó threoir go rialachán go mbeidh ceanglais dhíreacha ar gach oibreoir eacnamaíoch, ar roinnt údaráis éagsúla sna Ballstáit agus ar roinnt comhlachtaí eile. Dá bharr sin beidh feabhas ar an gcomhchuibhiú agus dá réir sin beidh an deimhneacht

dhlíthiúil is gá mar aon leis an gcumas chun margadh atá comhtháite go hiomlán a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais ar feadh shaolré na gceallraí.

Beidh roinnt costais airgeadais ann maidir le cuid de na bearta, ach níltear ag súil le haon tionchar suntasach ar ghnóthaí ná ar chustaiméirí. Beidh méadú beag ar an ualach riaracháin, go háirithe maidir leis na ceanglais a bhaineann le lorg carbóin agus inneachar athchúrsáilte.

Tá sé rí-shoiléir áfach gur fiú na costais iad na tairbhí. Leis an rialachán atá beartaithe rachfar i ngleic leis na fadhbanna a ghabhann leis an staid reatha. Cuirfidh sé feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, laghdóidh sé na tionchair chomhshaoil ar nós astaíochtaí gás ceaptha teasa agus laghdóidh sé na rioscaí comhshaoil agus sóisialta. Ina theannta sin, cruthóidh sé tairbhí indíreacha suntasacha ó thaobh poist nua in earnáil mhonaraíochta agus athchúrsála na gceallraí litiam.